



Leis seo, is féidir teacht ar an tacar moltaí a chuir cuid 50 saoránach de chuid an phainéil saoránach ar aghaidh agus a eagraíodh faoi choimirce an Leas-Phríomh-Aire agus an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha Sophie Wilmès mar rannchuidiú rialtas cónaidhme na Beilge leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ba é an topaic a bhí ag an bpainéal sin ‘Conas rannpháirtíocht na saoránach i ndaonlathas na hEorpa a dhéanamh níos dlúithe’. Cé gur fios go maith go bhfuil raon feidhme níos leithne ag an gComhdháil ná gnóthaí an Aontais amháin, soiléiríonn topaic an phainéil seo an taobh go bhfuil an oiread sin tagairtí follasacha á ndéanamh don Aontas agus dá chuid institiúidí. I gcás inarb iomchuí, déantar an Eoraip a lua i gcoitinne.

Chun léiriú a thabhairt ar ionchur iomlán na saoránach, cuirtear ar aghaidh na moltaí uile sa tuarascáil seo, lena n-áirítear na moltaí sin nach bhfuair tromlach simplí le linn an tseisiúin vótála deiridh ar na moltaí go léir. Tá siad inaitheanta go soiléir mar gheall ar an gcéatadán **i gcló dearg agus cló trom**. Ina theannta sin, tá roinnt moltaí ag teacht salach ar a chéile agus fiú le linn an phlé dheiridh, bhí saoránaigh fós neamhchinnte ina dtaobh. Tá na moltaí seo inaitheanta mar gheall ar iad a bheith *i gcló iodálach*. I gcás moladh amháin, bhí an deighilt chomh soiléir sin gur tháinig deireadh leis an vóta *ex aequo*, léirítear é seo **i gcló flannbhuí agus cló trom**. Tá na saoránaigh ar aon intinn nach raibh siad féin ar aon intinn i dtaobh na moltaí sin. Dá bhrí sin, molann siad go mbeadh comhlachtaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus institiúidí an Aontais ar an airdeall maidir leis na moltaí sin a chur chun feidhme, mar go bhfuil mar a bheadh deighilt ann bunaithe ar an vóta.

1. Cumarsáid

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Níl an chumarsáid maidir leis an Aontas sásúil.	1.1 Molaimid ceachtanna faoin Aontas Eorpach a chomhtháthú i gcuraclam na scoile ón tríú sraith de bhunscoileanna. Is é an aidhm atá ann teagmháil a dhéanamh le gach saoránach agus eolas ar an Aontas Eorpach a fheabhsú.	88.4%
	1.2 Ba chóir don Aontas Eorpach, agus go háirithe don Choimisiún, ábhar oideachasúil maidir le feidhmiú na hEorpa a chur ar fáil d'Aireachtaí Oideachais na mBallstát. Chomh maith le feidhmiú, comhdhéanamh agus cumhachtaí na n-institiúidí a mhíniú, ba cheart a áireamh leis an oiliúint sin forléargas gearr ar stair an lánpháirtithe Eorpaigh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úsáid a bhaint as teanga atá soiléir, intuigthe agus inrochtana, agus ar uirlisí oideachais amhail cláir faisnéise, gearrthóga nó cláir teilifíse scoile, i ngach ceann de na 24 theanga.	95.0%

2. Tá coimhthíos ar shaoránaigh leis an togra Eorpach.	2.1 Molaimid go gcinnteodh na hinstitiúidí Eorpacha go míneodh a gcumarsáid níos fearr cad atá laistigh d'inniúlachtaí an Aontais, ach cad nach bhfuil laistigh dá inniúlachtaí freisin.	97.6%
	2.2 Ba cheart don Aontas Eorpach samplaí coitianta ó ghnáthshaol mhuintir na hEorpa a ionchorprú ina chuid cumarsáide. Ba cheart na mínithe sin a scaipeadh laistigh de na Ballstáit trí chomhaontuithe idir na hinstitiúidí Eorpacha agus cainéil phoiblí teilifíse náisiúnta chun teacht ar lucht féachana leathan.	80.5%
	2.3 Sa bhreis air sin, ba chóir náisiúnaigh na mBallstát go léir a chur ar an eolas go rialta faoi ról an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit eile – trí ghearrthóga físe, mar shampla. Ar an gcaoi sin, is fearr a léireofaí sna díospóireachtaí ar thodhchaí na hEorpa buntáistí agus míbhuntáistí na hEorpa.	85.7%
	2.4 Chun an fhéiniúlacht Eorpach a neartú, molaimid go gcuirfí eolas ar fáil agus go gcuirfí in iúl é go rialta maidir leis an méid a bheadh i gceist le saol na nEorpach in éagmais an Aontais Eorpaigh gona éachtaí nithiúla.	92.7%
	2.5 Molaimid freisin go ndéanfaí lá saoire poiblí Eorpach de Lá na hEorpa (an 9 Bealtaine) do shaoránaigh uile an Aontais.	81.4%
	2.6 Molaimid go dtabharfadh na hinstitiúidí Eorpacha níos mó airde ar shimpliú, ar shothuigtheacht agus ar inrochtaineacht eolais maidir le topaicí tosaíochta ar déileáladh leo ar an leibhéal Eorpach.	97.6%
	2.7 Molaimid go gcuirfeadh an tAontas Eorpach deais ar fáil ina léireofar na hacmhainní a leithdháileann an tAontas de réir tíre agus de réir topaice tosaíochta. Ba cheart an t-eolas sin go léir a bheith ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais.	93.0%
	2.8 Molaimid go ndéanfadh an tAontas cur i láthair soiléir faoin obair reachtach atá idir lámha. Ba cheart an fhaisnéis sin go léir a bheith ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais.	90.7 %

	2.9 Ba mhaith linn go mbeadh na hinstitiúidí Eorpacha níos inrochtana ag muintir na hEorpa. Ba cheart a rannpháirtíocht, i ndíospóireachtaí le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, a éascú.	79.0%
	2.10 Molaimid go leathnófaí rannpháirtíocht i gclár Erasmus chuig gach mac léinn gan beann ar a gcúlra oideachais (gairmoiliúint agus oiliúint theicniúil, staidéar oibre). Ba cheart go mbeadh gach duine in ann páirt a ghlacadh i malartuithe Eorpacha.	79.5%
	2.11 Molaimid go mbeadh an pobal oibre in ann leas a bhaint as cláir mhalairte Eorpacha, gan beann ar an earnáil gníomhaíochta, agus gnólachtaí áitiúla freisin. Ba cheart go mbeadh gach duine in ann páirt a ghlacadh i malartuithe Eorpacha.	83.7%
	2.12 Molaimid cúrsaí saoránachta Eorpacha a chruthú do shaoránaigh uile na hEorpa.	83.7%

<p>3. Ní chuirtear reachtaíocht Eorpach i bhfeidhm ar an mbealach céanna ar fud na mBallstát.</p>	<p>3.1 Molaimid don Aontas Eorpach úsáid a bhaint níos minice as reachtaíocht atá infheidhme go díreach sna Ballstáit. Laghdódh sé sin na difríochtaí náisiúnta i gcur chun feidhme na reachtaíochta Eorpaí, rud a bhaineann an bonn ón tionscadal Eorpach. Ar an gcaoi sin, is fearr a bheidh an tAontas in ann sláine na n-éachtaí – amhail an margadh inmheánach, an euro agus limistéar Schengen – a chosaint agus a chur chun cinn.</p>	<p>81.4%</p>
<p>4. Tá an daonlathas Eorpach i mbaol.</p>	<p>4.1 Molaimid go n-athdhearbhófaí sa chumarsáid ón Aontas maidir leis an daonlathas Eorpach cad é a chiallaíonn an Eoraip do mhuintir na hEorpa agus go ndéanfaí sin gan aon stad agus gan aon débhrí.</p>	<p>78.0%</p>
	<p>4.2 Na luachanna agus prionsabail atá i gConarthaí an Aontais, luachanna agus prionsabail ar chuir na Ballstáit a n-ainm leo tráth an aontachais, ní féidir dul siar orthu. Ní mór a chinntiú go leanfar dá gcosaint.</p>	<p>81.0%</p>
	<p>4.3 Cinntíonn an Chúirt Eorpach cosaint luachanna agus phrionsabail na gConarthaí agus ní féidir le haon Bhallstát aon amhras a chaitheamh orthu.</p>	<p>81.0%</p>
<p>5. Ní furasta teacht ar eolas faoin Aontas ná é a thuiscint.</p>	<p>5.1 Molaimid go neartófaí seiceáil fíricí faoi shaincheistean Eorpacha. Ba cheart go mbeadh rochtain éasca ag an bpobal Eorpach agus ag na meáin náisiúnta i ngach Ballstát ar an eolas sin, a bhíonn á scaipeadh agus á fhíorú ag na hinstitiúidí.</p>	<p>83.3%</p>
<p>6. Is minic gur íomhá dhiúltach den Aontas a thagann ó na meáin náisiúnta.</p>	<p>6.1 Ní mór don Aontas a bheith ábhartha i ngnáthshaol mhuintir na hEorpa trína bheith níos gníomhaí ina chuid cumarsáide. (Mar shampla, trí urraíocht a thabhairt d'imeachtaí, go háirithe imeachtaí cultúrtha, a thugann saoránaigh le chéile agus a chothaíonn mórtas iontu bheith ina saoránaigh den Aontas. Le táirgeadh tuarascálacha agus blúirí eolais, bheadh muintir na hEorpa in ann teacht ar eolas faoin Aontas i gcomhthéacs ar leith).</p>	<p>85.7%</p>

7. Níl a fhios ag na saoránaigh cé hiad na daoine a dhéanann ionadaíocht orthu i bParlaimint na hEorpa.	7.1 Molaimid do na Feisirí go gcuirfidís iad féin ar aghaidh níos fearr ina dtíortha dúchais, go háirithe lasmuigh de thréimhsí toghcháin. Ní mór dóibh a bheith níos inrochtana. Ba cheart go mbeadh sé níos fusa do shaoránaigh na hEorpa teacht ar na cúiseanna le vótaí na bhfeisirí i bParlaimint na hEorpa ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.	92.7%
	7.2 Molaimid go gcinnteodh páirtithe polaitíochta náisiúnta go gcuirfí iarrthóirí níos óige ar a gcuid liostaí freisin do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Níor cheart go bhféachfaí ar shainordú den sórt sin mar luach saothair ar sheirbhís mhaith dhílis sa pholaitíocht náisiúnta.	74.4%
8. Tá an chumarsáid ón Aontas ró-aonfhoirmeach; ní thógann sé aon cheann d'éagsúlacht an daonra	8.1 Chun teacht ar <u>lucht éisteachta leathan agus éagsúil</u> a dhóthain, molaimid go gcuirfeadh an tAontas san áireamh, trí chumarsáid chuimsitheach ó chéim an deartha, leibhéal oideachais an spriocghrúpa agus má tá siad faoi aon mhíchumas. Ina theannta sin, molaimid do dhaoine agus d'eagraíochtaí (oideachasóirí áitiúla, gníomhairí comharsanachta, oibríthe sóisialta, an tsochaí shibhialta) páirt a ghlacadh i dtarchur na cumarsáide sin.	73.2%
	8.2 Chun teacht ar an <u>bpobal oibre</u> , molaimid tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sna bealaí cumarsáide atá ann cheana chun eolas cuí faoin Aontas a chur ar fáil go rialta, mar shampla trí chláir mhíniúcháin. Thairis sin, molaimid brath ar ambasadóirí (daoine aonair agus eagraíochtaí) a chuirfeadh tionscadal an Aontais chun cinn.	83.7%
	8.3 Chun teacht ar <u>dhaoine óga agus ar mhic léinn</u> , molaimid, anuas ar na bealaí atá ann cheana amhail oideachas agus gluaiseachtaí óige ábhartha, gur cheart ambasadóirí a úsáid, go háirithe chun díriú ar lucht tionchair ar féidir leo dul i bhfeidhm ar dhaoine óga trí na meáin shóisialta. Moladh eile a bheadh ann comórtas uile-Eorpach a eagrú chun carachtar cartúin a chruthú a mheallfadh daoine óga agus a chuirfeadh teachtaireachtaí Eorpacha faoina mbráid.	69.8%

	<p>8.4 I gcás <u>seanóirí</u>, molaimid úsáid a bhaint as na bealaí céanna a mholtar don phobal oibre. Ina theannta sin, molaimid an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cumarsáid dhigiteach agus cumarsáid neamhdhigiteach (ábhar i gcló, raidió, imeachtaí agus daoine i láthair) chun freastal ar riachtanais gach duine, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil chomh compordach céanna i dtimpeallacht dhigiteach agus iad siúd nach bhfuil chomh soghluaiste céanna le daoine eile sa tsochaí.</p>	<p>85.7%</p>
	<p>8.5 Molaimid gur cheart don Aontas, trí na cúrsaí lánpháirtíochta atá ann cheana in a lán Ballstát, gealltanais a thabhairt go gcuirfear '<u>Eorpaigh nua</u>' (daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas de bharr ceann éigin de na nósanna imeachta inimirce dlíthiúla) san áireamh agus gur cheart iad a chur ar an eolas faoi na bealaí traidisiúnta eile atá ann trína ndéanann an tAontas a chuid cumarsáide. Ar deireadh, molaimid freisin go dtabharfaí ról do chumainn áitiúla.</p>	<p>76.7%</p>
	<p>8.6 Thairis sin, molaimid go rachfaí amach i measc na ndaoine le cumarsáid chuimsitheach faoin Aontas. Mar shampla, d'fhéadfaí cláir fógraí (digiteacha) a úsáid, chomh maith le modhanna cumarsáide traidisiúnta agus nua amhail cóid QR.</p>	<p>62.8%</p>
	<p>8.7 Moltaí eile a bheadh ann an tAontas a dhéanamh níos feiceálaí (trí ghearrscannáin nó grafaicí faisnéise), gluaiseacht spóirt Eorpach a chruthú chun cairdeas/muintearas a chothú, agus aird níos forleithne a tharraingt ar amhrán na hEorpa.</p>	<p>68.2%</p>

2. An bhréagaisnéis

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Tá méadú ag teacht ar bhaol na bréagaisnéise sna meáin.	1.1 Molaimid go ndéanfaí athbhreithniú ar shamhail chistiúcháin na meán, lena n-áirítear foilsíú éigeantach foinsí ioncaim, ar bhealach soiléir agus inrochtana. Mar gheall ar shamhail chistiúcháin na meán tá an claonadh ann scéal chailleadh an uafáis a dhéanamh d'aon eolas, é a chur as a riocht agus bréagaisnéis a dhéanamh de.	73.8%
	1.2 Molaimid go mbeadh dualgas ar eagraíochtaí na meán a bhfoinsí a lua agus naisc a sholáthar chun iad a fhíorú. Seachas sin, ba cheart eolas a lipéadú mar eolas neamhfhíoraithe.	90.2%
	1.3 Molaimid gur cheart go mbeadh an rialtóir Eorpach atá i gceannas ar an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise (féach pointe 2) i gceannas ar eagraíochtaí seiceála fíricí a chreidiúnú.	85.4%
	1.4 Molaimid údarás neamhspleách a bhunú i ngach Ballstát chun faireachán a dhéanamh ar neodracht na meán. Ba cheart don Aontas Eorpach an t-údarás sin a mhaoiniú agus a rialú.	75.6%
	1.5 Molaimid eolas a scaipeadh faoi URLanna shuíomhanna gréasáin oifigiúla an Aontais chun saoránaigh a chur ar a suaimhneas faoi fhoinsé an eolais.	90.2%

2. Tá amhras ar go leor saoránach faoi neodracht na meán.	2.1 Molaimid go gceapfaí rialtóir Eorpach a bheadh i gceannas ar an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise. Is é an misean a bheadh ag an rialtóir na critéir a leagan síos le haghaidh ‘lipéad neodrachta’ agus córas smachtbhannaí nó dreasachtaí a bhunú, más gá, a bheadh nasctha le caighdeáin neodrachta a chomhlíonadh. De rogha air sin, d’fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar chairt eiticiúil a gcaithfí cloí léi. Dheonfadh an t-údarás náisiúnta neamhspleách an lipéad agus chuirfí san áireamh na bearta a chuireann na meáin i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.	87.5%
	2.2 Molaimid ‘beolíne’ Eorpach a chur ar bun a ligfeadh do shaoránaigh tuairisc a dhéanamh ar bhréagaisnéis a bhaineann le hinniúlachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha na hEorpa.	82.1%
3. Níl saoránaigh feasach ar na rioscaí a bhaineann le bréagaisnéis dá nochtar iad.	3.1 Molaimid go gceanglófaí ar ardáin eolas soiléir agus intuigthe a fhoilsiú faoi rioscaí na bréagaisnéise dá nochtar a n-úsáideoirí. Ba cheart an t-eolas sin a chur in iúl go huathoibríoch nuair a osclaítear cuntas.	85.7%
	3.2 Molaimid oiliúint éigeantach sa litearthacht sna meáin, ag tosú ag aois óg agus curtha in oiriúint do leibhéil éagsúla an chórais oideachais.	74.4%
	3.3 Molaimid go seolfadh an tAontas Eorpach feachtais leantacha maidir leis an mbréagaisnéis. D’fhéadfaí na feachtais sin a shainaitint le lógó nó sonóg. D’fhéadfadh an tAontas iallach a chur ar líonraí sóisialta iad a chur in iúl trí fhógraí a chraoladh.	87.5%

4. Ní leor na modhanna chun an bhréagaisnéis a chomhrac.	4.1 Molaimid go bhfoilseofaí eolas soiléir agus éasca le tuiscint faoi na halgartaim lena n-eagraítear na teachtaireachtaí a fhaigheann úsáideoirí ardáin meán sóisialta.	83.3%
	4.2 Molaimid go mbeadh bealach simplí ag úsáideoirí algartaim a threisiónn claontacht iompraíochta a dhíchumasú. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar an oibleagáid rochtain a thabhairt d'úsáideoirí ar fhoinsí eile a chuireann tuairimí éagsúla i láthair maidir leis an topaic chéanna.	80.0%
	4.3 Molaimid go dtacódh an tAontas Eorpach le hardán meán sóisialta a chruthú a shásódh a chaighdeán neodrachta féin agus a rachadh i ngleic leis an mbréagaisnéis. De rogha air sin, d'fhéadfaí feidhmiúlachtaí nua a chur leis an ardán digiteach ilteangach a cruthaíodh chun tacú leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.	56.4%

3. Na painéil saoránach

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Chomh deacair is atá sé a chinntiú go mbeidh painéal saoránach ionadaíoch. Nuair a bheidh deireadh ráite, ní bhíonn ach cuid bheag den daonra páirteach.	1.1 Molaimid cloí lena mholtar san obair eolaíoch is déanaí a rinneadh maidir le daonlathas dioscúrsach ó thaobh shampláil, dhearadh agus bhailíochtú eolaíoch an mhodha roghnúcháin chun an ionadaíocht is fearr is féidir a chinntiú.	89.7%
	1.2 Molaimid go mbeadh go leor daoine thart ar an mbord chun a chinntiú go mbeidh éagsúlacht tuairimí agus próifílí ann, lena n-áirítear - ach gan a bheith teoranta do - daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis an topaic.	90.2%
	1.3 Molaimid critéar na tuismíochta a chur le critéir shamplála an rialtais (i.e. an bhfuil leanaí ag an duine nó nach bhfuil?), chomh maith le critéir níos traidisiúnta amhail inscne, aois, áit chónaithe nó leibhéal oideachais.	33.3%
	1.4 Molaimid cuótaí a bhunú de réir limistéar geografach, i.e. a shonrú nach mór x duine de réir limistéar geografach Eorpach (le cinneadh) a bheith ar phainéal Eorpach saoránach chun go mbeidh an painéal seo fíorcháilithe mar phainéal Eorpach agus go mbeidh sé in ann plé a dhéanamh go dlisteanach.	73.2%
	1.5 Molaimid clárlanna daonra (nó a gcoibhéis, ag brath ar an tír) a úsáid mar phríomhbhunachar sonraí le haghaidh sórtála chun go mbeidh deis chomhionann ag gach duine lena bheith roghnaithe, agus chun spéis i dtopaic a mhúscailt i measc an daonra.	70.0%
	1.6 Molaimid cúiteamh a thabhairt do rannpháirtithe mar aitheantas ar an gcabhair a thugann siad agus chun daoine nach nglacfadh páirt mura dtabharfaí cúiteamh dóibh a mhealladh.	87.5%

	1.7 Molaimid eolas a thabhairt do na rannpháirtithe roimh ré trí chur i láthair ó na saineolaithe - ar bhealach réasúnta éasca agus gan an iomarca eolais nó eolas róchasta a thabhairt - chun a chinntiú go mbeidh fiú na daoine sin nach mbeidh cur amach acu ar an ábhar roimh ré ar a gcompord agus iad páirteach sa phlé.	82.9%
	1.7.2. Molaimid téama an phainéil saoránach a chur in iúl roimh ré ionas go mbeidh a fhios ag daoine cén topaic a bheidh á plé.	78.6%
	1.8 Molaimid nach mbeadh sé d'oibleagáid ar na saoránaigh a bheith rannpháirteach.	97.6%
2. Na fadhbanna a bhaineann le painéil a eagrú ar an leibhéal Eorpach.	2.1 Molaimid gur i bhformáid hibrideach a bheadh cruinnithe na bpainéal saoránach Eorpach (duine le duine/fíorúil). Bheadh daoine nach bhfuil ar a gcumas taisteal in ann a bheith rannpháirteach ar an gcaoi sin.	70.0%
	2.2 Molaimid don Aontas, ar mhaithe le rochtain agus eagrú níos éasca, an obair eagrúcháin a bhaineann leis na painéil saoránach maidir le saincheisteanna Eorpacha a tharmligean chuig an leibhéal náisiúnta.	69.0%
	2.3 Molaimid topaic aonair a roghnú le haghaidh gach painéil a eagraítear ar an leibhéal Eorpach. Ar an gcaoi sin, is féidir leis na rannpháirtithe uile an topaic chéanna a phlé, is cuma carb as dóibh san Eoraip.	80.5%
3. A chinntiú nach mbainfear úsáid as an bpainéal saoránach ach chun na gcríoch a socraíodh é lena n-aghaidh.	3.1 Molaimid gur cheart d'aon saoránach a bheith in ann topaic a chur isteach lena plé, agus nár cheart gurb ag polaiteoirí agus brústocairí amháin a bheadh an ceart sin.	82.1%
	3.2 Molaimid gurb ag Parlaimint na hEorpa a bheadh an ceart tionscnaimh, ionas go saineodh sí an topaic a bheidh le plé agus go nglacfaidh sí na téacsanna is gá ina dhiaidh sin chun obair leantach a dhéanamh maidir leis na moltaí a dhéanfaí tar éis an phlé.	63.4%

4. Chomh deacair is atá sé an bealach is fearr a chinneadh chun an próiseas a eagrú le hionadaíocht a dhéanamh ar na saoránaigh.	4.1.1 Molaimid buanphainéal saoránach Eorpach amháin nó níos mó a chur ar bun, a ghlacfadh cúraimí sonracha air féin, in éineacht leis an bParlaimint. Dhéanfaí an buanphainéal/na buanphainéil a athnuachan go rialta. Ar an gcaoi sin, bheifí in ann na saoránaigh a thabhairt le chéile san fhadtéarma agus bheadh am ann chun díospóireachtaí mar sin a réachtáil. Bheifí in ann díospóireachtaí caolchúiseacha agus comhdhearcadh a chothú leis sin freisin. I dteannta an bhuanphainéil sin, dhéanfaidh painéil saoránach ad hoc díospóireacht ar thopaicí a roghnódh an buanphainéal. Molaimid samhail phobal labhartha Gearmáinise na Beilge a leanúint.	54.8%
	4.1.2 Molaimid painéal saoránach Eorpach neamhbhuan amháin nó níos mó a chur ar bun, a thioctadh le chéile chun topaic shonrach amháin a phlé, agus sa chás sin amháin, ar feadh tréimhse socraithe ama.	58.5%
	4.2 Molaimid gan painéil saoránach Eorpach a eagrú le haghaidh saincheisteanna práinneacha, mar go mbeadh cuid mhór ama ag teastáil chun cáilíocht na ndíospóireachtaí a chinntiú.	63.4%
5. Is rómhínic a tharlaíonn sé nach bhfaigheann na saoránaigh a ghlacann páirt i dtionscnaimh rannpháirteacha dhaonlathacha amhail painéil saoránach aiseolas maidir leis an obair leantach a dhéantar ar a gcuid oibre, sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma.	5.1 Molaimid aiseolas a thabhairt do shaoránaigh maidir leis an obair leantach a dhéantar (nó nach ndéantar) i ndáil leis na moltaí a eisítear tar éis na bpainéal saoránach Eorpach. Mura ndéantar obair leantach ar na moltaí, ba cheart do na hinstiúidí ábhartha Eorpacha cúiseanna a thabhairt lena gcinneadh (e.g. easpa inniúlachtaí). Chuige sin, molaimid go ndréachtófaí achoimrí rialta le linn an phróisis a bhíonn ann i ndiaidh painéil.	97.5%
	6.1 Molaimid painéil saoránach a eagrú le leanaí agus iad óg (e.g 10 go 16 bliana d'aois) chun a bhfeasacht ar rannpháirtíocht agus díospóireacht a mhúscailt. Is féidir é sin a eagrú sna scoileanna.	59.5%

4. Reifrinn

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
	0.1 Molaimid gur cheart reifrinn maidir le saincheisteanna Eorpacha a eagrú ar an leibhéal Eorpach.	73.3%
1. Tá éagsúlacht mhór sna Ballstáit ó thaobh an chultúir reifrinn de.	1.1 Molaimid taighde a choimisiúnú maidir leis an dóigh le cultúr reifrinn comhchoiteann a chruthú san Eoraip.	70.7%
	1.2 Molaimid go scrúdódh painéal neamhspleách cibé acu is iomchuí nó nach iomchuí reifreann Eorpach a réachtáil maidir le saincheist shonrach.	77.5%
2. Is féidir tionchar diúltach a bheith ag an bhfoclaíocht a bhíonn ar cheist a chuirtear i reifreann, mar is amhlaidh nuair is 'sea' nó 'ní hea' freagra na ceiste, rud a chruthaíonn deighilt go minic i ndíospóireachtaí agus i sochaithe. Bíonn an rogha ábhair íogair freisin.	2.1 Molaimid coiste eolaíochta a chruthú a bheadh freagrach as a chinneadh conas na ceisteanna a bheadh mar ábhar ag reifreann Eorpach a chur ar an mbealach is neodraí is féidir.	87.2%
	2.2 Molaimid ceisteanna ilroghnacha a chur, cinn a rachadh níos faide ná 'sea' nó 'ní hea' chun a bheith níos géarchúisí, fiú coinníollacha a chur le 'sea' nó 'ní hea' mar fhreagraí (i.e. 'sea i gcás...', 'ní hea más...').	65.0%
	2.3 Molaimid nach gcuirfí vótaí bána san áireamh agus aon tromlach á ríomh, cibé acu tromlach simplí nó tromlach glan é. Mar sin féin, ní mór go leor vótaí a bheith caite (caithfear an córam a urramú).	75.0%
	2.4.1 Molaimid gur féidir ceist a chuirtear i reifreann Eorpach a bheith bainteach le haon ábhar laistigh d'inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh.	87.5%

	2.4.2 Molaimid ábhair a bhféadfadh coinbhleacht idir na Ballstáit eascairt astu a chur as an áireamh.	39.0%
	2.5 Molaimid freisin gur féidir ceisteanna teicniúla agus casta a chur, i bhfoclaíocht shoiléir, mar go bhfuil an cumas ag daoine a ndóthain eolais a aimsiú.	77.5%
3. Ní féidir breathnú ar reifrinn mar uirlis dhaonlathach más rud é gur an lucht pholaitiúil amháin a bheidh in ann reifreann a eagrú.	3.1 Molaimid ceart tionscnaimh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa chun reifrinn Eorpacha a eagrú, agus go mbeadh sí in ann torthaí na reifreann a chur chun feidhme ansin (ba cheart don Choimisiún Eorpach agus don Chomhairle í a leanúint, gan deis a bheith acu na reifrinn a bhlocáil).	67.5%
	3.2 Molaimid gur féidir leis an tionscnaíocht maidir le reifreann a eagrú teacht ó na saoránaigh féin freisin (agus na rialacha comhchosúla atá i bhfeidhm i gcás an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, mar shampla, á gcomhlíonadh).	77.5%
	3.3 Molaimid go mbeadh an obair phraiticiúil a bhaineann le reifreann Eorpach a eagrú de chúram ar chomhlacht neodrach.	75.0%
4. Ní mór cineál ceangailteach nó neamhcheangailteach reifrinn a shainiú go soiléir.	4.1.1 Molaimid nach mbeadh toradh reifrinn Eorpaigh ceangailteach ach i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le rátaí rannpháirtíochta.	92.7%
	4.1.2 Molaimid nach mbeadh torthaí reifrinn ceangailteach ach i gcás ina mbaintear amach tromlaigh áirithe (51/49, 70/30). Ba cheart na coinníollacha sin a chinneadh roimh gach reifreann.	72.5%
	4.2 Molaimid go mbeadh toradh reifrinn Eorpaigh ceangailteach más rud é gurb ó na saoránaigh a tháinig an tionscnaíocht an reifreann a eagrú (agus gur éirigh leis na saoránaigh sin líon áirithe sínithe a bhailiú chun na críche sin) ach nach mbeadh sé ceangailteach más rud é gurb ó institiúid pholaitiúil a tháinig an tionscnaíocht.	47.5%
	4.3 Molaimid nach mbeadh toradh reifrinn Eorpaigh ceangailteach ach i gcás saincheisteanna áirithe, nach mbeadh sé ceangailteach i gcás na cinn sin ina bhféadfadh iarmhairtí na vótála a bheith an-tromchúiseach.	40.0%

5. Is minic nach dtugtar an t-eolas ceart don phobal sula n-iarrtar orthu vóta a chaitheamh i reifreann. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach an t-eolas a rialú chun nach n-imreofar tionchar diúltach (náisiúnta nó eachtrach) ar an vóta.	5.1 Molaimid, sula reáchtáiltear aon reifreann Eorpach, go dtabharfaí eolas soiléir don phobal faoin tionchar a bheidh ag toradh na vótála ar a saoil laethúla trí phaimfléid a dháileadh, mar a dhéantar san Eilvéis, agus/nó trí sheisiúin eolais	97.5%
	5.2 Molaimid coiste eolaíochta a chruthú le haghaidh gach reifreann Eorpach chun neodracht an eolais a chuirtear ar fáil a ráthú.	87.2%
6. Cé go n-iarrtar ar an bpobal iomlán a bheith rannpháirteach go díreach i reifreann (murab ionann is painéal saoránach), bíonn cion áirithe den daonra ann i gcónaí nach gcaitheann vóta.	<i>6.1.1 Molaimid gur ar bhonn éigeantach a bheadh an vótáil i reifreann Eorpach.</i>	43.6%
	<i>6.1.2 Molaimid gur ar bhonn deonach a bheadh an vótáil i reifreann Eorpach.</i>	52.5%
	6.2 Chun líon na ndaoine nach gcaitheann vóta a laghdú, molaimid vótáil leictreonach a cheadú chomh maith le vótáil ar pháipéar (nó fiú sa bhreis ar mhodhanna eile vótála, ar nós vótáil poist). D'fhéadfadh buntáiste mór a bheith ag gabháil le vótáil leictreonach do dhaoine atá ag imeacht ar shaoire, agus spreagann sé daoine nach bhfuil an oiread sin spéise acu vóta a chaitheamh mar go bhfaightear réidh leis an mbac a bhaineann le taisteal chuig an láthair vótála.	90.0%
7. Is rómhinic a tharlaíonn sé nach bhfaigheann na saoránaigh a ghlacann páirt i dtionscnaimh rannpháirteacha dhaonlathacha amhail reifrinn aiseolas maidir leis an obair leantach a dhéantar ar a gcuid oibre, sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma.	7.1 Molaimid aiseolas a thabhairt do shaoránaigh maidir leis an obair leantach a dhéantar (nó nach ndéantar) i ndáil leis an gcinneadh a rinne na saoránaigh i reifreann Eorpach.	92.5%

5. Na hionstraimí atá ann cheana

5.1 Toghcháin

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Baineann rialacha éagsúla leis na Ballstáit éagsúla.	<i>1.1 Molaimid go mbeadh vótáil le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa éigeantach, ach go dtabharfaí go leor eolais chun go mbeadh tuiscint ag na saoránaigh ar na cúiseanna.</i>	50.0%
	1.2 Molaimid na rialacha le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh chomh haonfhoirmeach is féidir i ngach tír, an aois íosta san áireamh.	87.2%
2. Níl a dhóthain éagsúlachta idir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i ndáil le critéir amhail aois, bunús, inscne.	2.1.1 Molaimid go mbeadh idir fheisirí óga agus fheisirí aosta ann, agus iad ag teacht ó gach cúlra	82.1%
	2.1.2 Molaimid go roghnódh na feisirí gairm Eorpach d'aon ghnó, agus ní hamháin toisc go bhfuil siad ag tarraingt ar dheireadh a ngairmréime.	82.5%
	2.1.3 Molaimid iarracht a dhéanamh dáileadh cothrom inscne a bhaint amach, mar shampla, trí na hinscní ar na liostaí toghcháin a mhalartú. Ní mór don Aontas na critéir sin a leagan síos agus iad a urramú i gcomhréir leis an gcuóta. Má dhiúltaíonn iarrthóir a s(h)ainordú a ghlacadh, is é an chéad iarrthóir eile de réir rogha agus den inscne chéanna a ghlacfaidh an sainordú chuige/chuici féin.	82.5%
	2.1.4 Molaimid go bhfeidhmeodh na hiarrthóirí ar na liostaí Eorpacha a sainorduithe má thoghtar iad.	89.2%

3. Caithimid vóta ar son Pharlaimint na hEorpa agus níl aon tionchar againn ar chomhdhéanamh an Choimisiúin	3.1 Molaimid athrú a dhéanamh ar na conarthaí trínar féidir leis an bpáirtí is mó i bParlaimint na hEorpa Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a cheapadh.	48.6%
	3.2 Molaimid go mbeadh comhdhéanamh an Choimisiúin Eorpaigh níos trédhearcaí, i gcomhréir le cuid de na rialacha bunúsacha, ionas go léireofar guth na saoránach sa chomhdhéanamh agus go dtuigfidh na saoránaigh mar a roghnaíodh é.	88.9%
4. Níl go leor eolais ar fáil faoi na hiarrthóirí ar na toghcháin Eorpacha, ná faoina gcláir nó an grúpa polaitiúil a mbeadh siad páirteach ann i bParlaimint na hEorpa	4.1 Molaimid go gcuirfeadh na hiarrthóirí Eorpacha iad féin, a gcuispóirí agus a gcláir i láthair ar bhealach níos nithiúla, go háitiúil agus trí bhealaí cumarsáide éagsúla.	84.2%

5.2 An tOmbudsman Eorpach

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Is i mBéarla amháin atá an t-eolas ar an gcéad dá leathanach ar an suíomh gréasáin i dteangacha nach Béarla iad. Cuireann sin bac ar shaoránaigh nach bhfuil Béarla acu.	1.1 Molaimid an t-eolas sin a chur ar an leathanach baile i ngach teanga Eorpach agus, mura féidir é a aistriú, an nuacht a phostáil i mBéarla in áit éigin eile ar an suíomh.	89.2%
2. Níl baint ag an Ombudsman leis an smachtbhanna ná le damáistí a bhféadfaí a thabhairt don ghearánach.	2.1 Molaimid go mbeadh an tOmbudsman mar chuid den phróiseas chun teacht ar réiteach, smachtbhanna nó cúiteamh agus maidir leis sin a chur chun feidhme, agus go mbeadh guth aige/aici sa phróiseas.	71.1%
3. Is féidir leis an moill a bhaineann leis an síntiús leis an suíomh gréasáin a bhailíochtú a bheith an-fhada. D'fhéadfadh suas le 24 uair an chloig a bheith i gceist leis sin, rud a thugann ar an saoránach gan coinneáil leis.	3.1 Molaimid córas le haghaidh bailíochtú láithreach a chur isteach.	47.4%
4. Nuair a dhéantar gearán, cuirtear ceist ar baineadh triail nó nár baineadh as na nósanna imeachta féideartha uile. Níl an saoránach ar an eolas fúthu ar fad agus ní féidir leis/léi freagra a thabhairt ar an gceist.	4.1 Molaimid nasc chuig cur i láthair simplí nó míniú simplí ar na nósanna imeachta eile a chur isteach.	89.5%
5. Tá suíomh gréasáin an Ombudsman dea-dheartha ach níl 'íomhá' cheart Eorpach aige, rud a tharraingíonn amhras ar an saoránach (an bhfuilim san áit cheart, an bhfuil an suíomh gréasáin seo inchreidte?).	5.1 Molaimid dearadh grafach an tsuímh ghréasáin a athbhreithniú agus é a bheith níos cosúil le suíomh gréasáin an Aontais. Ar dtús, d'fhéadfaí bratach na hEorpa a ardú go barr an leathanaigh. Caithfidh sé a bheith soiléir ar an gcéad chlic go bhfuil an saoránach ar shuíomh an Ombudsman.	78.4%

5.3 Comhairliúchán poiblí

Saincheistean	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Rinneadh athrú ar an suíomh gréasáin le haghaidh comhairliúcháin, agus cuirtear an saoránach chuig suíomh atá as dáta ag an gcéad chéim. Ní mór duit dul i mbun cuardaigh chun URL an tsuímh nua a aimsiú.	1.1 Molaimid an seansuíomh a scriosadh agus tagairt a dhéanamh don suíomh nua ar dtús.	81.6%
2. Níl an treoiclár (Béarla) agus an chomhairle (teanga eagarthóir na saoránach) a bhaineann le comhairliúchán aistrithe go teanga an tsaoránaigh atá i mbun léitheoireachta	2.1 Molaimid go láidir an treoiclár a aistriú go teanga an tsaoránaigh. Más i mBéarla amháin a bheidh an treoiclár ar fáil, cuirfear bac ar aon saoránach nach bhfuil Béarla ar a dtail aige/aicí páirt a ghlacadh.	81.6%
	2.2 Molaimid táb nó íocón "Aistriúchán uathoibríoch" a chur le gach hiarratas aonair, a bheadh nasctha le hinneall aistriúcháin foinsé oscailte ar nós <i>Google Translate</i> nó <i>DeepL</i> .	65.8%
3. Ní mór síntiús a ghlacadh chun eolas a fháil faoin obair leantach ar an bpróiseas.	3.1 Molaimid an obair leantach a dhéantar ar an bpróiseas a chur in iúl go huathoibríoch do gach duine a fhreagraíonn, agus an deis acu díliostáil.	89.5%
4. Níl a fhios againn an mbíonn tionchar ag líon na dtuairimí i dtreo amháin ar an gCoimisiún, nó má bhreathnaítear orthu mar bharúlacha (ualaithe nó gan a bheith ualaithe). Má dhéantar an líon tuairimí i dtreo amháin a chardadh, beidh imní orainn faoi ualach na mbrústocairí/na ngníomhaithe/na bhfiontar mór sa chomhairliúchán agus faoi na	4.1 Molaimid eolas soiléir faoin ábhar a thabhairt ar an suíomh gréasáin.	81.6%
	4.2 Má bhíonn tionchar ag líon na dtuairimí i dtreo amháin, molaimid córas a chur ar bun chun scagadh a dhéanamh ar bhrústocairí, ar ghníomhaithe nó ar ghnó mór ionas nach dtugtar ualach míchuí dóibh.	60.5%

gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas le hais guth na saoránach/na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha.	4.3 Molaimid bogearraí intleachta saorga a chruthú a dhéanfadh na tuairimí difriúla a rangú agus a dhéanfadh na tuairimí i gcoinne an ábhair nó na tuairimí fabhracha a chomhaireamh.	47.4%
	4.4 Molaimid cruinnithe a eagrú idir saoránaigh agus comhlachais (gníomhach): áiteanna inar féidir le saoránaigh a dtuairimí a thabhairt, i bhfoirm "Tithe na hEorpa", rud ar féidir cabhrú barúlacha na saoránach ar an leibhéal Eorpach a leathnú. Ba cheart do na tithe sin a bheith in áiteanna difriúla agus ar an leibhéal áitiúil.	62.2%
5. Níl an fhoirm le tuairimí a thabhairt soiléir: tá ceist oscailte agus ceistneoir araon inti. Cad é ról gach doiciméid, cad atá le líonadh isteach?	5.1. Ba cheart an t-eolas sin go léir a shoiléiriú ar an suíomh gréasáin.	81.6%
6. Tá an iomarca inniúlachtaí ann sa mhéid a bhaineann leis na hionstraimí.	6.1 Molaimid lárionad seolta a chruthú chun iarratais a sheoladh chuig an leibhéal iomchuí údaráis.	78.9%

5.4 Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Tá sé níos deacra dul i bhfeidhm ar shaoránaigh nach bhfuil an t-idirlíon acu.	1.1 Molaimid go mbeadh na húdaráis áitiúla nó leabharlanna, atá neamhspleách ar an rialtas, rannpháirteach i scaipeadh na dtionscnamh agus i mbailiú na sínithe, go leictreonach agus ar pháipéar araon. Ba cheart don Aontas fardal den líonra sin de réir tíre a tharraingt suas agus é a chur ar fáil do na saoránaigh atá ag dul i mbun an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.	71.1%
2. Tá líon na dtíortha atá rannpháirteach ró-íseal chun go leor tacaíochta a fháil.	2.1 Molaimid líon na dtíortha óna mbailítear sínithe a ardú go dtí 13 chun níos mó tacaíochta a fháil don togra. Ba cheart líon na sínithe a urramú i gcomhréir le líon na gcónaitheoirí.	64.9%
3. Beidh an costas agus an iarracht a bhaineann le sínithe a bhailiú ard.	3.1 Molaimid go dtabharfaí maoiniú ón Aontas chun tacú leis na tionscnaimh sin.	71.1%
	3.2 Molaimid comhlacht a bhunú chun comhar idir tíortha a éascú.	75.7%
4. Bíonn obair ag na saoránaigh leis an nós imeachta.	4.1 Molaimid deasc chabhrach a chruthú chun cabhrú leis na saoránaigh na nósanna imeachta a chur i gcrích.	83.8%
5. Ní léir an toradh atá ar thionscnamh ó na saoránaigh.	5.1 Molaimid go mbeadh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún Eorpach an togra a phlé agus obair leantach a dhéanamh ina leith, nach leor go díreach freagra a thabhairt agus a admháil go bhfuarthas é. Má chinneann an Coimisiún gan gníomhú de réir an togra, ní mór údar cuí a thabhairt leis sin.	100.0%
	5.2 Molaimid comhairliúchán a eagrú leis na saoránaigh nuair a fhaightear Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun a dtuairimí a fháil ina leith sula dtéann an Coimisiún i mbun oibre air. Ar an gcaoi sin, ní gheofaí tuairimí nó vótaí míchuibheasacha agus bheadh tuairimí na ndaoine sin nár shínigh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh san áireamh freisin. Ina theannta sin, dá dtabharfadh na saoránaigh go léir a dtuairim, bheadh ualach níos mó ag an moladh ar leibhéal an Aontais agus dhéanfaí níos mó obair leantach i ndáil leis.	55.3%

5.5 An ceart chun achainí a dhéanamh

Saincheisteanna	Moltaí	Le tacaíocht ó (%)
1. Déanann an Coimisiún Eorpach an cinneadh deiridh, níl aon chinnteacht ann maidir leis an toradh.	1.1 Molaimid go ndéanfadh an Coimisiún obair leantach ar an moladh ó Pharlaimint na hEorpa.	81.1%
2. Tá easpa trédhearcachta ann maidir leis an bpróiseas agus le hinspreagadh an chinnidh	2.1 Molaimid go gcoinneofaí an duine a thíolacann an achainí ar an eolas faoin dul chun cinn agus faoi na cinntí go tráthrialta. Ba cheart cúiseanna a thabhairt leis an gconclúid dheiridh freisin.	94.4%
3. Bíonn sé deacair ag saoránaigh aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le reachtaíocht nua.	3.1 Molaimid gur cheart achainí a úsáid mar uirlis chun a léiriú go bhfuil gá le reachtaíocht freisin.	78.4%